# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo, i.e. 37.5% d'iomlán na marcanna don Ealaín.

**Déardaoin, 16 Meitheamh     Tráthnóna, 2.00 - 4.30**

**Treoracha**

Freagair **trí** cheist mar a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1000 AD – go dtí Inniu) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí cúi a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt de réir mar is gá do ***na léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo***.

# ROINN 1 – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tá **diosca gréine** agus **torc** ón gCré-Umhaois ***léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar na hábhair a úsáideadh agus ar an gcaoi a ndearnadh agus ar maisíodh iad.
(b) Luaigh cén fheidhm a d'fhéadfadh a bheith acu.
(c) Ainmnigh agus tabhair cuntas gearr ar earra ar bith eile as an gCré-Umhaois a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**2.** Tá **Ardchros Mhaoine** ***léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán atá ar an gcros seo.
(b) Cén fheidhm a bhí aici?
(c) Ainmnigh agus tabhair cuntas gearr ar Ardchros ar bith eile a ndearna tú staidéar uirthi.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**3.** Tá 'Cathú Chríost' as **Leabhar Cheanannais** ***léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Sceitseáil agus déan cur síos ar **dhá** chineál maisiúcháin atá ar an leathanach seo.
(b) Scríobh nóta gearr ar na hábhair a úsáideadh chun Leabhar Cheanannais a dhéanamh.
(c) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar lámhscríbhinn Éireannach amháin eile a ndearna tú staidéar uirthi.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**4.** Ainmnigh agus déan cur síos ar fhoirgneamh **Seoirseach** ar d'eolas, agus tagairt á déanamh agat dá shuíomh agus dá fheidhm
**agus**
Sceitseáil agus déan plé ar dhá ghné Sheoirseacha a bhaineann leis an bhfoirgneamh seo.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**5.** Tá 'Radharc i bPáirc an Fhionnuisce' le **Walter Osborne** (1859 – 1903) ***léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr ealaíne seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- gile agus scáil.

(b) Sceitseáil agus déan cur síos ar fhíor amháin is spéis leat sa phictiúr seo.
(c) Ainmnigh agus déan cur síos ar phictiúr ealaíne eile ina bhfuil fíoracha daonna, le healaíontóir Éireannach, a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**6.** Tá dhá shampla den dealbhóireacht fhíorach – 'Grúpa ón nGorta' le **Edward Delaney** (rugadh 1930) agus 'An Croí Ró-Naofa' le **Séamus Murphy** (1907 –1975) ***léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Mínigh cén chaoi ar chaith na healaíontóirí ar bhealaí éagsúla leis an bhfíor dhaonna.
(b) Cén saothar is spéisiúla leat? Luaigh dhá chúis.
(c) Ainmnigh agus déan cur síos ar shaothar dealbhóireachta amháin eile ar láthair phoiblí, le healaíontóir Éireannach, a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**7.** Déan cur síos agus plé ar shaothar duine amháin de na healaíontóirí seo a leanas: Harry Clarke, Evie Hone, Norah McGuinness, Louis Le Brocquy, Gerard Dillon, Robert Ballagh, Jim Fitzpatrick.
Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
(a) Eolas ar an ealaíontóir
(b) Ábhar/téamaí
(c) Comhábhair agus teicníochtaí
(d) Ainmnigh agus déan cur síos ar shaothar amháin ar leith leis an ealaíontóir a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí*

## Roinn II - Ealaín na hEorpa (1000AD go dtí Inniu)

**8.** Cén chaoi a bhfuil éagsúlachtaí idir príomhghnéithe ailtireachta eaglais Rómhánúil agus ardeaglais Ghotach?
agus
Ainmnigh eaglais Rómhánúil nó ardeaglais Ghotach a ndearna tú staidéar uirthi agus tabhair cuntas gearr ar an maisiúchán atá inti.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**9.** Bhí **Donatello** (1386–1466) ar dhuine de na dealbhóirí ba mhó le rá sa 15ú hAois.
Tabhair roinnt eolais mar gheall ar Donatello.
agus
Ainmnigh, sceitseáil agus déan plé ar shaothar **amháin** dá chuid a ndearna tú staidéar air, agus luaigh **dhá** chúis ar spéis leat an saothar seo.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**10.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar shaothar áirithele duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
- Masaccio (1401 – 1428)
- Uccello (1396 – 1475)
- Leonardo Da Vinci (1452 – 1519)
- Michelangelo (1475 – 1564)

(b) Luaigh **dhá** chúis ar spéis leat do rogha saothar.
(c) Tabhair cuntas gearr ar chúlra an ealaíontóra a rinne do rogha saothar.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**11.** Phéinteáil **Vincent Van Gogh** (1853 –1890) 'Préacháin sa Phairc Chruithneachta' ***atá léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo***.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Cén chaoi a gcruthaíonn Van Gogh atmaisféar sa phictiúr ealaíne seo?

(b) Ainmnigh agus déan cur síos ar phictiúr eile le Van Gogh agus luaigh **dhá** chúis ar spéis leat an pictiúr ealaíne seo.

(c) Tabhair cuntas gearr ar chúlra an ealaíontóra seo.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**12.** Roghnaigh saothar **amháin** díobh seo a leanas agus scríobh a oiread agus is féidir leat air.

- 'Críost á bhaint den Chros' le Giotto (1266 – 1337**)**
- 'Bainis Arnolfini' le Van Eyck (d'éag 1441)
- 'Stoirm Shneachta' le Turner (1775 –1851)
- 'Imprisean:Éirí na Gréine' le Monet (1840 – 1926)
- 'L'Absinthe' le Degas (1834 – 1917)
- 'An Scréach' le Munch (1863 – 1944)

Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

(a) ábhar an phictiúir

(b) comhdhéanamh

(c) eolas cúlra ar an ealaíontóir

(d) luaigh dhá chúis ar spéis leat an saothar seo.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**13.** Phéinteáil **Picasso** (1881 –1973) an saothar cáiliúil 'Guernica'**.** ***Tá sé léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo***.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) I do thuairim féin, cad is ábhar don saothar seo? Sceitseáil **dhá** íomhá ar leith as an saothar chun do fhreagra a mhíniú.

(b) Déan plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- teicníocht

(c) Ainmnigh agus déan cur síos ar shaothar amháin eile le Picasso.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**14.** Saothar ealaíne cáiliúil le **Salvador Dali** (1904 –1989) is ea 'Codladh'. ***Tá sé léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo***.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Céard faoi a bhfuil an saothar seo I do thuairim?

(b) Pléigh an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- stíl
- comhdhéanamh
- teicníocht

(c) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar shaothar amháin eile de chuid Dali.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Tá an láthair atá ***léirithe ar an mbileog in éineacht leis seo*** le forbairt mar chlós súgartha do leanaí.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan líníocht de do phlean don láthair seo agus cuir lipéid air.
(b) Cad iad na bearta ba chóir a chur i gcrích chun an láthair seo a dhéanamh sábháilte?
(c) Cén trealamh clós súgartha a d'úsáidfeá? Sceitseáil dhá shampla.

**16.** Gné choitianta d'eagraíochtaí spóirt iad suaitheantais foirne. Cén cuspóir atá leis na suaitheantais seo, dar leat?

agus

Ainmnigh dhá shuaitheantas a thaitníonn leat agus pléigh iad faoi na ceannteidil seo a leanas:

- cruth
- dath
- samhlaoidí
- oiriúnacht

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**17.** Iarradh ort roinnt smaointe a sholáthar maidir le hathdhearadh ar ionad fáilte na scoile agat.

Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

- suíocháin
- comharthaí
- soilsiú
- dath

Luaigh roinnt gnéithe speisialta ba chóir a chur san áireamh. Luaigh fáthanna le do chuid roghanna.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**18.** Freagair (a), (b) agus (c)

(a) Ainmnigh gailearaí nó músaem ar thug tú cuairt air.
(b) Déan cur síos agus plé go mion ar rud áirithe a bhí ar taispeáint. Luaigh a ainm agus ainm an ealaíontóra.
(c) Déan cur síos ar **dhá** ghné den taispeántas a mhúscail do spéis le linn na cuairte.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**19.** Tá an-éileamh ar throscán gairdín le blianta beaga. Déan cur síos agus plé ar an **dá shampla *atá léirithe ar an mbileog*** in éineacht leis seo. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

(a) feidhm
(b) dearadh
(c) ábhair

Mol a mhalairt de dhearadh do shuíochán gairdín.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**20.** Tá taithí ag gach duine nach mór ar DVDanna.

(a) Sceitseáil sampla de chumhdach DVD a bhfuil dea-dhearadh air, dar leat.
(b) Déan plé ar úsáid dathanna, íomhánna agus litreoireachta sa dearadh agus sa leagan amach.
(c) Cen fáth, dar leat, a mbaintear úsáid as cumhdaigh DVDanna?

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

LEATHANACH BÁN